



An Roinn Leanaí
agus Gnóthaí Óige
Department of
Children and Youth Affairs

SCÉIM NA ROINNE LEANAÍ AGUS GNÓTHAÍ ÓIGE
FAOI ALT 11
D'ACHT NA DTEANGACHA OIFIGIÚLA, 2003
2013-2016

Clár na nÁbhar

Caibidil 1 – Réamhrá	3
Caibidil 2 – Léargas ar an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige	4
Caibidil 3 - Seirbhísí dátheangacha a fheabhsú	8
Caibidil 4 – Monatóireacht agus Athbhreithniú	11
Caibidil 5 - Poiblíocht a thabhairt don Scéim Chomhaontaithe	12

Aguisíní

1. An Coiste Comhairleach Bainistíochta agus freagrachtaí ag leibhéal na bPríomhoifigeach.
2. Gníomhaireachtaí faoi choimirce na Roinne

Caibidil 1 - Réamhrá

Cúlra

Síníodh Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 le dlí an 14 Iúil 2003. Is é an tAcht an chéad phíosa reachtaíochta a sholáthraíonn creat reachtúil cuimsitheach maidir le seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge.

Is é príomhchuspóir an Achta a chinntiú go mbeidh teacht níos mó ar sheirbhísí poiblí i nGaeilge agus go mbeidh na seirbhísí sin ar chaighdeán níos airde.

Forálann Alt 11 den Acht d'ullmhú scéim reachtúil ag comhlachtaí poiblí ina dtabharfaidh siad mionsonraí faoi na seirbhísí a sholáthróidh siad

- trí mheán na Gaeilge,
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla;

agus na bearta a ghlacfar chun cinntiú go ndéanfar aon seirbhís nach soláthraíonn an comhlacht trí mheán na Gaeilge a sholáthar amhlaidh laistigh de chreat ama aontaithe.

Ullmhúchán agus Comhairliúchán

Ullmhaíodh an scéim seo de réir na *dTreoirlínte faoi Alt 12 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003*.

D'fhoilsigh an Roinn fógra faoi Alt 13(1)(a) den Acht an 30 Samhain 2011 inar lorg sí aighneachtaí i ndáil le hullmhú na dréacht-scéime ó aon pháirtithe leasmhara. Fuarthas cúig aighneacht ó raon d'eagraíochtaí Gaeilge agus ó dhaoine aonair.

Rinneadh suirbhé ar na baill go léir atá ar fhoireann na Roinne i dtaobh a dtuairimí agus a moltaí i ndáil leis an scéim agus tarraingíodh freisin sa scéim seo ar thuairimí agus ar mholtaí uathu ar tugadh a bhformhór go neamhfhoirmiúil.

Ábhar na Scéime

Ceapadh an scéim seo chun cinntiú go bhféadfaidh custaiméirí ar mian leo a ngnó a dhéanamh i nGaeilge déanamh amhlaidh. Leagtar síos inti a mhéid is atá seirbhísí ar fáil i nGaeilge faoi láthair, agus aithnítear réimsí a bheidh le feabhsú amach anseo.

Dáta Thosach Feidhme na Scéime

Tá an scéim seo deimhnithe ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Cuirfear tús léi le héifeacht ón 14th Deireadh Fómhair 2013 agus leanfaidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana ón dáta seo nó go dtí go mbeidh scéim nua deimhnithe ag an Aire de bhun Alt 15 den Acht, cibé acu is déanaí.

Caibidil 2 - Léargas ar an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige

Ról na Roinne

Ráiteas Misin

A bheith ar thús cadhnaíochta san iarracht chun torthaí a fheabhsú do leanaí agus do dhaoine óga in Éirinn

Sainordú

Cuimsíonn freagrachtaí na Roinne raon leathan gníomhaíochta beartais agus seirbhíse, idir ghníomhaíocht dhíreach agus indíreach, maidir le leanaí agus daoine óga in Éirinn. Tá sainordú casta ag an Roinn, a bhfuil raon sraitheanna ar leith ann a bhfuil baint acu le chéile:

- soláthar díreach raon seirbhísí uilíocha agus spriocdhírthe,
- a chinntiú go bhfuil socruithe d'ardchaighdeán i bhfeidhm maidir le hidirghabhálaithe spriocdhírthe trína ndéileáiltear le cosaint agus leas leanaí, tacaíocht do theaghlaigh, uchtú, freastal scoile agus coireacht na n-óg a laghdú,
- beartais agus soláthar a chomhchuibhiú ar food an Rialtais agus le raon leathan de pháirtithe leasmhara chun feadh a chur ar shorthair do leanaí, do dhaoine óga agus do theaghlaigh.

Structure

Heifer an chair eagraíochta reatha atá ag an Roinn agus a gníomhaireachtaí in Aguisín 1 agus 2. Nuair a bhíothas ag glacadh an struchtúir seo, bhí d'aidhm leis a chinntiú go gcuirfí na hacmhainní a bheadh ar fáil i dtreo freastal ar thosaíochtaí an Aire agus an Rialtais agus go ligfí d'fhoireann na Roinne díriú isteach ar a spriocanna agus a gcuspóirí a bhaint amach laistigh de chreat láidir bainistíochta agus rialachais. Ó tharla nach bhfuil ann ach achar gearr ó bunaíodh an Roinn, coinneofar an struchtúr seo faoi athbhreithniú chun cinntiú go mbeidh sé éifeachtach ó thaobh tacú leis an eagraíocht a misean agus a sainordú a chur i gcrích.

Gné faoi leith a bhaineann leis an leagan amach atá ar an Roinn is ea go bhfuil an tAonad Beartas um Oideachas sna Luathbhlianta de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna agus na rannáin de chuid Sheirbhís na hÉireann um Cheartas i Leith an Aosa Óig, atá freagrach as cláir phobail, agus atá fós faoin Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais suite freisin istigh i gceanncheathrú na Roinne. Cuidíonn a chóngaráí is atá siad dá chéile leis an dlúthchaidreamh oibre ar shaincheisteanna tábhachtacha is cúram agus is comhchuspóir do gach ceann díobh.

Ráiteas Straitéise

Tá na Cuspóirí Ardleibhéil agus an tslí a bhfuil sé beartaithe ag an Roinn na cuspóirí sin a chur i gcrích leagtha amach i Ráiteas Straitéise 2011-2014 na Roinne.

Cuspóirí Straitéiseacha

- Beartais, reachtaíocht agus acmhainní a fhorbairt, a neartú agus a chur ar comhréim d'fhonn torthaí níos fearr a bhaint amach do leanaí agus do dhaoine óga agus tacaíocht a chur ar fáil do thuismitheoirí agus do theaghlaigh.
- Monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht trí chórais láidre rialachais agus cuntasachta i ndáil leis na freagrachtaí atá ar an Roinn agus ar a gníomhaireachtaí.
- Tacaíocht a chur ar fáil don Roinn agus do pháirtithe leasmhara lárnaigh chun teacht ar fhianaise níos fearr agus éascú a dhéanamh ar rannpháirtíocht ghníomhach leanaí agus daoine óga sna cinní a mbíonn tionchar acu ar a saol mar dhaoine aonair agus mar ghrúpa.
- Feabhas a chur ar chórais chun tacú le teaghlaigh, leanaí a chosaint agus a choimirciú, cúram malartach a chur ar fáil agus cabhrú leis na daoine óga siúd a chuireann iad féin nó daoine eile i mbaol mar thoradh ar a n-iompar.
- Tacú le leanaí agus le daoine óga ionas gur féidir leo páirt iomlán a ghlacadh i bhfoghlaim ghníomhach, lena n-áirítear trí chúram agus oideachas luath-óige agus seirbhísí don aos óg ar ardchaighdeán a sholáthar agus trí aghaidh a thabhairt ar cheisteanna a bhaineann le freastal scoile agus rannpháirtíocht scoile.
- Comhoibriú le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear ar fud an Rialtais, maidir le folláine fhisiceach, mhothúchánach agus eacnamaíoch leanaí agus daoine óga a chur chun cinn agus monatóireacht a dhéanamh uirthi agus éagothromais a laghdú.
- An cháil a bheith uirthi mar eagraíocht ina mbaintear amach ardfheidhmíocht ar bhonn leanúnach agus ina dtacaítear le forbairt phearsanta.

Ag obair le comhpháirtithe agus páirtithe leasmhara lárnaigh seachtracha

D'fhonn go gcuirfidh sí a spriocanna i gcrích, oibríonn an Roinn i ndlúth-chomhpháirtíocht le Ranna eile Rialtais, le gníomhaireachtaí reachtúla agus le heagraíochtaí neamhrialtasacha ar raon de cheisteanna leathana i ndáil le beartas agus soláthar chomh fada is a bhaineann siad le leanaí agus le daoine óga. Áirítear iad seo a leanas, cé nach iad sin amháin atá i gceist, leis na Ranna Rialtais agus leis na gníomhaireachtaí reachtúla a bhíonn ag gabháil den chomhoibriú seo:

- An Roinn Oideachais agus Scileanna (e.g. Oideachas sna luathbhlianta, forbairt uimhearthachta/litearthachta agus scileanna);
- An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais (e.g. cosc ar an gcoireacht, smachtbhanna pobail, coinneáil, athstiúradh agus comhionannas);
- An Roinn Sláinte, (e.g. Míchumas, Cur chun Cinn na Sláinte - lena n-áirítear cothú agus an Beartas Drugaí);
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (e.g. cosaint agus leas leanaí, seirbhísí cúraim agus sóisialta)
- An Roinn Coimirce Sóisialaí (e.g. cuimsiú sóisialta, tacaíocht ioncaim agus an clár oibre don ghníomhachtú);
- An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta (e.g. cruthú fostaíochta agus fiontraíocht i measc na ndaoine óga);
- An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála (e.g. Bearta Choiste na NA agus Chomhairle na hEorpa um Chearta an Linbh), agus
- An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (e.g. tionscnaimh a bhaineann le forbairt inbhuanaithe agus pobail).

Chomh fada is a bhaineann sé leis an earnáil phobail, dheonach agus sheachbhrabúsach de, bíonn raon an-leathan idirghníomhartha idir an Roinn agus na heagraíochtaí lárnacha.

Measúnú ar a mhéid is atá seirbhísí ar fáil cheana féin i nGaeilge

Geallann an Roinn a chinntiú go bhféadfaidh custaiméirí ar mian leo a ngnó a dhéanamh i nGaeilge déanamh amhlaidh, a mhéid is indéanta in aon chor é, go feadh an méid a lamhálfaidh na hacmhainní foirne reatha sin a dhéanamh. Tá baill foirne atá inniúil agus toilteanach déileáil le custaiméirí nó le cliaint i nGaeilge aitheanta ar Eolaí Foirne inmheánach.

Óráidí

Cuirtear óráidí nó ráitis, lena n-áirítear iad siúd a thugann na hAiri i dTithe an Oireachtais, nó óráidí ó oifigigh shinsearacha, ar fáil sa teanga inar tugadh iad.

Comhfhreagras

Freagraítear an comhfhreagras sa teanga inar scríobhadh é de réir alt 9(2) den Acht.

Ríomhphost

Tá séanadh dátheangach cumtha agus bíonn sé ina cheangal leis na ríomhphoist a bhíonn ag dul amach.

Stáiseanóireacht

Tugtar na sonraí teagmhála i nGaeilge agus i mBéarla ar an bpáipéar ceannteidil.

Teileafón

Faoi láthair níl aon fhógairtí agus teachtaireachtaí teileafóin réamhthairfeadta sa Roinn. Má thugtar isteach iad, áfach, comhlíonfaidh siad forálacha na rialachán arna ndéanamh ag an Aire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta faoi alt 9(1) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003. Féadfaidh daoine ar leithligh den fhoireann teachtaireachtaí a fhágáil i nGaeilge nó i mBéarla nó sa dá theanga.

Caibidil 3 - Seirbhísí dátheangacha a fheabhsú

Preaseisiúintí

Is i mBéarla amháin a eisítear na preaseisiúintí faoi láthair. De ghnáth, bíonn sé an-ghar don am eisiúna sula gcríochnaítear agus sula gceadaítear an téacs críochnaitheach den eisiúint nó den ráiteas. Is minic a bhíonn ar an Roinn ráitis a chur amach go sciobtha mar fhreagra ar imeachtaí nach rabhthas ag súil leo.

- Geallann an Roinn go mbeidh 10% de na Preaseisiúintí a bheidh aici á gcur amach chuig na meáin i nGaeilge agus i mBéarla faoi dheireadh shaolré na Scéime.

Óráidí

Leanfar ar aghaidh leis na hóráidí nó na ráitis, a thabharfaidh an tAire san Oireachtas nó in áiteanna eile, chomh maith leis na hóráidí a thabharfaidh oifigigh shinsearacha, a chur ar fáil sa teanga (sna teangacha) ina dtabharfar iad.

Beidh na foirmeacha nua iarratais go léir a chuirfidh an Roinn ar fáil mar aon leis na cinn nua a chuireann sí ar fáil anois á gcur ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla a mhéid is féidir é.

Bileoga Eolais / Foirmeacha Iarratais / Bróisiúir

Geallann an Roinn go gcuirfidh sí bileoga eolais, foirmeacha iarratais agus bróisiúir a sholáthraíonn an Roinn, ar fáil sa dá theanga faoin aon chlúdach amháin, seachas nuair nach indéanta sin de bharr méide nó cineáil an doiciméid, nuair a bheidh an stoc á athnuachan. Beidh éifeacht leis an ngealltanais seo ó thús na scéime maidir le bileoga nua eolais agus leis na foirmeacha nua iarratais agus nuair a athnuafar an stoc maidir leis na bileoga agus na foirmeacha atá ann.

Suíomh Gréasáin, Seirbhísí Idirghníomhacha agus Córais TF

Suíomh Gréasáin

Baintear leas as Suíomh Gréasáin na Roinne chun iarratais a dhéanamh ar líne agus i bpróisis chomhairliúcháin agus cuirtear na seirbhísí seo ar fáil i gcónaí sa dá theanga. Mar shampla, maidir leis na Cláir Chúraim Leanaí is gá na foirmeacha ó na seirbhísí maoinithe a sheoladh ar ais ar líne, agus tá an fhoirm seo ar fáil i nGaeilge nó i mBéarla. Ar an gcuma chéanna, nuair a sheol an Roinn comhairliúchán poiblí ar líne i dtaca leis an gCreat Beartais do Leanaí agus do Dhaoine Óga, bhí leaganacha i nGaeilge agus i mBéarla araon de na foirmeacha agus de na treoracha ann.

Leanfaidh an Roinn ar aghaidh diaidh ar ndiaidh ag cur leis an gcéatadán den leagan aistrithe go Gaeilge den téacs statach a bheidh ar a suíomh gréasáin.

Seirbhísí Idirghníomhacha

I gcás aon seirbhísí idirghníomhacha nua a chuirfeadh ar chumas an phobail i gcoitinne iarratais a dhéanamh ar líne ó thús na scéime seo, tabharfar isteach go dátheangach iad má fhéadtar sin a dhéanamh ó thaobh na teicneolaíochta de. I gcás go bhfuil seirbhísí idirghníomhacha ar fáil ar líne i mBéarla amháin faoi láthair agus i gcás go bhfuil siad faoi rialú na Roinne, déanfar iad a uasghrádú má fhéadtar sin a dhéanamh ó thaobh na teicneolaíochta de.

Córais ríomhaireachta:

Tá na córais ríomhaireachta atá ann ábalta déileáil go hiomlán leis an nGaeilge. Beidh aon chórais ríomhaireachta a bheidh á gcur isteach ábalta déileáil go hiomlán leis an nGaeilge.

Ríomhphoist:

Beidh na gnáth-theachtaireachtaí a bhíonn ar ríomhphost na Roinne, amhail séanadh freagrachta, i nGaeilge agus i mBéarla araon.

Tabharfar ugach do dhaoine ar leithligh den fhoireann a bhfreagraí féin le haghaidh ‘amuigh as an oifig’ a chumadh i nGaeilge agus i mBéarla araon.

Fáiltiú/Malartán

Is iad na fáilteoirí/na hoibrithe malartáin na chéad daoine a dtagann an pobal i dteagmháil leo. Is é beartas na Roinne a chinntiú go mbeidh gnáthchleachtas Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí i bhfeidhm sa réimse seo, ionas gur mar seo a leanas a bheidh i dtosach feidhme na scéime:

- Go mbeidh an fhoireann fáiltithe/foireann an mhalartáin ábalta ainm an chomhlachta poiblí a thabhairt i nGaeilge.
- Go mbeidís eolach ar a laghad ar na beannachtaí bunúsacha a úsáidtear i nGaeilge.
- Go mbeidh socruithe cuí i bhfeidhm ionas go mbeidh ar a gcumas daoine den phobal a chur i dteagmháil, gan mhoill, leis an oifig nó leis an oifigeach a bheidh freagrach as an tseirbhís a bheidh á lorg i nGaeilge a ofráil, i gcás go mbeidh an tseirbhís sin ar fáil i nGaeilge.

Ar aghaidh a chéile

Go formhór, is teagmháil theoranta an teagmháil a bhíonn ag an Roinn leis an bpobal i gcoitinne. Faoi láthair níl aon seirbhís cuntair duine le duine ag an Roinn agus níl sé i gceist seirbhís den sórt sin a thabhairt isteach amach anseo chomh fada is is léir.

An Ghaeltacht/Logainmneacha

Úsáidfidh an Roinn na logainmneacha oifigiúla atá ar na limistéir Ghaeltachta. Gheobhaidh comhlachtaí poiblí agus an pobal i gcoitinne na leaganacha oifigiúla Gaeilge atá ar logainmneacha, taobh istigh agus taobh amuigh den Ghaeltacht ar líne ar www.logainm.ie.

Oiliúint agus Forbairt

Tá gealltanús leanúnach ann oiliúint agus forbairt a sholáthar do na baill foirne go léir, lena n-áirítear oiliúint teanga de réir mar is gá, chun cumas iomlán na mball foirne a fhorbairt le linn a ngairme sa Roinn seo.

Glacfar na céimeanna seo a leanas fad is a mhairfidh an scéim chun feabhas a chur ar an leibhéal Gaeilge atá ag foireann na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige.

- Ar mhaithe le cur leis an soláthar seirbhísí i nGaeilge, iad siúd a mhaíonn a bheith inniúil a aithint ar na bunachair sonraí don teileafón agus ar chairteacha na heagraíochta.
- Éascaíocht a dhéanamh do bhaill foirne a bheidh ag freastal ar ranganna Gaeilge le linn uaireanta oifige;
- Treoir a thabhairt do dhaoine ar leithligh den fhoireann ar mian leo fógraí glórphoist teileafóin a bheith acu sa dá theanga ar a dteileafóin phearsanta;

Cuirfidh an Roinn ar chumas bhaill uile na foirne teacht a bheith acu go héasca ar eolas agus ar acmhainní teanga, e.g. foclóirí, comhairle faoin nGaeilge scríofa agus liostaí d'abairtí coitianta, etc. Beifear gníomhach ag spreagadh daoine chun leas a bhaint as acmhainní atá ar líne amháin seiceálaithe litrithe agus www.focal.ie agus www.foclóir.ie.

Caibidil 4 - Monatóireacht agus Athbhreithniú

Déanfaidh feidhm na Seirbhíse do Chustaiméirí san Aonad Tacaíochta Gnó monatóireacht leanúnach ar an soláthar seirbhísí agus ar leibhéal an éilimh ar sheirbhísí i nGaeilge agus cuirfear an t-eolas is deireanaí faoi bhráid Choiste Comhairleach Bainistíochta na Roinne uair amháin sa bhliain ar a laghad.

Beidh ceisteanna i dtaca le sástacht leis an soláthar seirbhísí i nGaeilge, agus leis an éileamh ar na seirbhísí seo, san áireamh fós sna suirbhéanna ar chustaiméirí a bheidh á ndéanamh amach anseo.

Beidh Coiste Comhairleach Bainistíochta na Roinne i mbun athbhreithnithe ar fheidhmiú éifeachtach na Scéime, agus is é an tAonad Beartas, Straitéise agus Tacaíochta Gnó de chuid na Roinne a dhéanfaidh an mhonatóireacht agus an measúnú bliantúil ar fhorfheidhmiú na Scéime.

Caibidil 5 - Poiblíocht a thabhairt don Scéim Chomhaontaithe

Foilseofar ábhar na scéime seo, mar aon leis na gealltanais agus na forálacha atá inti, go himmheánach agus go seachtrach.

Go hInmheánach

Scaipfear cóip den scéim ar an bhfoireann go léir a luaithe is is féidir tar éis bailchríoch a bheith curtha uirthi.

Go Seachtrach

Cuirfear leagan dátheangach den scéim, chomh maith le preaseisiúint, ar shuíomh gréasáin na Roinne www.dcy.gov.ie agus scaipfear ar na gníomhaireachtaí iomchuí í.

Seolfar cóip den scéim seo chuig Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla lena ceadú.

Cuirfear cóipeanna chuig aon duine den phobal i gcoitinne ach na cóipeanna sin a iarraidh.

Is é an leagan Béarla an bunleagan den scéim seo.

AGUISÍN 1
- Cairt na hEagraíochta

Management Advisory Committee & Principal Officer Level Responsibilities	An Coiste Comhairleach Bainistíochta agus Freagrachtaí ag Leibhéal na bPríomhoifigeach
Jim Breslin Secretary General	Jim Breslin An tArd-Rúnaí
Moira O'Mara (Acting) Director Policy & Innovation and Corporate Support	Moira O'Mara Stiúrthóir (Gníomhach) Beartas & Nuálaíocht agus Tacaíocht Chorparáideach
Clare Finn Research Unit	Clare Finn An tAonad Taighde
Catherine Hazlett Youth Affairs & Educational Welfare	Catherine Hazlett Gnóthaí Óige & Leas Oideachais
Mary McLoughlin Early Childhood Care and Education Policy & Programmes	Mary McLoughlin Beartas & Cláir um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige
Catherine Hynes Early Years Education Policy (Dept. of Education & Skills)	Catherine Hynes An Beartas um Oideachas sna Luathbhlianta (An Roinn Oideachais agus Scileanna)
Micheal O'Corcora Policy/Strategy Development & Business Support	Micheál O'Corcora Forbairt Beartais/Straitéise agus Tacaíocht Ghnó
Anne O'Donnell Children's Participation, Press & Communications	Anne O'Donnell Rannpháirtíocht Leanaí, Preas agus Cumarsáid
Gerald Hughes (Acting) HR, Finance, Corporate Services	Gerald Hughes (Gníomhach) Acmhainní Daonna, Airgeadas, Seirbhísí Corparáideacha
Liz Canavan Assistant Secretary Child Welfare Protection & Legislation	Liz Canavan Rúnaí Cúnta Leas Cosaint & Reachtaíocht do Leanaí
Dolores Moran Children's Legislation Unit 1	Dolores Moran Reachtaíocht do Leanaí Aonad 1
Mary Johnston Children's Legislation Unit 11	Mary Johnston Reachtaíocht do Leanaí Aonad 11
Marie Kennedy Policy Implementation	Marie Kennedy Forfheidhmiú Beartas
Denis O'Sullivan	Denis O'Sullivan

Children Services Reform & Client Safety	Athchóiriú Seirbhísí do Leanaí & Sábháilteacht na gCliaint
Michele Clarke Policy Development & Performance Management	Michele Clarke Bainistiú Forbairt Beartas agus Feidhmíochta
Colm Keenan Children's Referendum	Colm Keenan Reifreann na Leanaí

Aguisín 2

<p>Bodies under the aegis of the Department All bodies listed are statutory independent bodies</p>	<p>Comhlachtaí faoi choimirce na Roinne Is comhlachtaí reachtúla neamhspleácha iad na comhlachtaí go léir atá ar an liosta</p>
<p>Family Support Agency Mr Bill O’Dea Acting CEO 4th Floor, St. Stephen’s Green House Earlsfort Terrace Dublin 2</p>	<p>An Ghníomhaireacht Tacaíochta Teaghlaigh Bill O’Dea, Uas. POF Gníomhach Urlár 4, Teach Fhaiche Stiabhna Ardán Phort an Iarla Baile Átha Cliath 2</p>
<p>National Education Welfare Board Ms Clare Ryan, CEO 16-22 Green Street Dublin 7</p>	<p>An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais Clare Ryan, Uas. POF 16-22 Sráid na Faiche Baile Átha Cliath 7</p>
<p>Children’s Detention Schools Mr Joe Horan Chairperson of the Board of Management Oberstown Campus Lusk Co Dublin</p>	<p>Scoileanna Coinneála Leanaí Joe Horan, Uas. Cathairleach an Bhoird Bainistíochta Campas Bhaile an Oibricigh Lusca Co. Bhaile Átha Cliath</p>
<p>Adoption Authority of Ireland Mr Paul Bennett, CEO Shelbourne House Shelbourne Street Dublin 4</p>	<p>Údarás Uchtála na hÉireann Paul Bennett, Uas. POF Teach Shíol Bhroin Sráid Shíol Bhroin Baile Átha Cliath 4</p>
<p>Office of the Ombudsman for Children Mr Frank Honan, Office Manager Millennium House 52-56 Great Strand Street Dublin 1</p>	<p>Oifig an Ombudsman do Leanaí Frank Honan, Uas. Bainisteoir Oifige Teach na Mílaoise 52-56 Sráid na Trá Baile Átha Cliath 1</p>